



An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

Tuarascáil faoin Acht um Onnmhairí a Rialú 2008

1 Eanáir 2021 – 31 Nollaig 2021

Réamhrá ón Tánaiste

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair faoin ngníomhaíocht faoin Acht um Onnmhairí a Rialú 2008, a chlúdaíonn an tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2021. Tá an tuarascáil seo mar thaca leis an ngealltanas faoi oscailteacht agus trédhearcacht maidir le hoibriúchán chóras rialaithe onnmhairí na hÉireann, atá ar fáil in *Clár Rialtais – Ár dTodhchaí a Mhúnlú*.

Tacaíonn Éire leis an trádáil oscailte, shaor fhreagrach agus í préamhaithe sa chóras iltaobhach riailbhunaithe, agus aithníonn sí san am céanna an ríthábhacht atá leis an tslándáil dhomhanda agus le cúrsaí daonnúlacha sa trádáil. Tá gealltanas daingean againn a chinntiú nach ndéantar leathadh ar airm léirscriosta, tacú leis an tslándáil agus leis an tseasmhacht réigiúnach, an sceimhlitheoireacht a chosc agus cearta daonna a chosaint. Déanann mo Roinn Rialuithe Onnmhairí agus Smachtbhannaí Trádála AE a riar agus a fhorfheidmhiú go dtí an caighdeán idirnáisiúnta is airde, de réir dhlí an AE agus na tíre.

Tugann an tuarascáil seo mionsonraí faoin ngníomhaíocht cheadúnaithe a rinne an Roinn sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021. Tugtar sonraí inti ar na ceadúnais a eisíodh, lena n-áirítear líon, luach agus ceann scríbe, de réir chatagóir na n-earraí.

Tá achoimre freisin inti ar na hathruithe ar reachtaíocht um rialú onnmhairí in Éirinn agus sna Eoraip le linn 2021.

Dhírigh an Roinn go géar ar an gcomhlíonadh le linn na bliana, ainneoin na ndúshlán leanúnach a bhí le srianta sláinte poiblí Covid-19, agus cuireadh imeachtaí for-rochtana agus iniúchta ar bhonn duine le duine agus ar bhonn fíorúil, de réir mar a d'fheil do na srianta.

Cuirfear an Bille um Rialú Onnmhairí 2023, tá chun tosaigh go maith i gcéim an dréachtaithe anois, faoi bhráid an Rialtais go luath in 2023, agus cinnteofar leis go mbeidh creat láidir ar obair ag Éirinn i dtaca le honnmhairiú earraí rialaithe a rialú, agus go mbeidh acmhainn chuimsitheach éifeachtach forfheidhmithe againn. Déanfaidh an reachtaíocht maolúchán breise ar an riosca go bhféadfaí nithe rialaithe a onnmhairiú ó Éirinn, rud a sháródh na rialacha agus go n-úsáidfí iad chun dochar a dhéanamh i gcoimhlintí réigiúnacha nó chun cearta daonna a shárú i dtríú tíortha.

Leo Varadkar, T.D.

Tánaiste agus Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta

Clár Ábhair

1. Réamhrá.....	4
2. Athruithe ar an Reachtaíocht Eorpach agus Éireannach.....	4
Uasdátú ar an Rialachán faoi Dhé-Úsáid.....	4
Uasdátuithe ar an Liosta Comhchoiteann Míleata.....	2
Táirgí a Bhaineann le Cosaint a Aistriú laistigh den AE.....	2
Airm Thine.....	2
An Fhrithchéastóireacht.....	3
Vacsaíní Covid 19.....	3
Athbhreithniú ar Acht um Rialú Onnmhairithe.....	3
3. Beartha Srientacha a Ghlac an tAE in 2020.....	5
4. Athbhreithniú ar Bheartas Rialaithe Onnmhairí.....	5
5. Sonraí Ceadúnas Onnmhairí.....	6
Sonraí Achoimre faoi Líon agus Luach na gCeadúnas a Eisíodh.....	9
6. Iarratais Cheadúnais a Mheasúnú.....	9
7. For-Rochtain agus Forfheidhmiú.....	11
Aguisín I – Rialacháin na hÉireann i dtaca le Smachtbhannaí AE.....	13
1. Beartha Srientacha maidir le Gníomhaíochtaí.....	13
2. Beartha Srientacha i dtaca le Tíortha.....	16
Aguisín II – Staidreamh Cheadúnais Onnmhairithe 2021.....	32
Aguisín III - Achoimre ar Chóid an Liosta Mhíleata.....	42
Aguisín IV – Achoimre ar Chatagóirí Dé-Úsáide.....	44
Aguisín V – Córais Iltaobhacha don Neamhleathadh.....	45
Aguisín VI – Beartha Srientacha an AE.....	46

1. Réamhrá

Cuireann an tAcht um Onnmhairí 2008 de cheangal ar an Aire, chomh luath agus is praiticiúil tar éis dheireadh gach bliana, tuarascáil a ullmhú agus a leagan os comhair dhá Theach an Oireachtais faoin oibriúchán a rinneadh sa bhliain roimhe i dtaca le cúrsaí san Acht. Cuireann an Tuarascáil seo síos ar ghníomhaíocht cheadúnaithe ag an Roinn don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021. Cuireann sé sonraí ar fáil faoi na ceadúnais a eisíodh, lena n-áirítear líon, luach agus ceann scríbe earraí, de réir catagóire.

Tugann an tuarascáil achoimre freisin ar na hathruithe is tábhachtaí ar an reachtaíocht Éireannach agus Eorpach le linn na tréimhse sin. Tá liosta in Aguisín I ar na rialacháin Éireannacha a achtaíodh mar thaca le forfheidhmiú Bhearta Srientacha an AE. Tá staidreamh mionsonraithe faoi na ceadúnais a eisíodh leagtha amach in Aguisín II. Tá eolas forlíontach ar chatagóirí na n-earraí 'Dé-Úsáide' agus ar rangú na nithe míleata, chomh maith leis na gcóras iltaobhach neamhiomadaithe tugtha in Aguisín III, agus in Aguisín VI tá forléargas ar Bhearta Srientacha an AE.

Tá tuarascálacha na dtréimhsí roimhe seo faoi oibriúchán chóras rialaithe onnmhairí na hÉireann ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

2. Athruithe ar an Reachtaíocht Eorpach agus Éireannach

Uasdátú ar an Rialachán faoi Dhé-Úsáid

Ar an 9 Meán Fómhair feidhmíodh Rialachán (AE) 2021/821 den 20 Bealtaine 2021 (an 'Rialachán Dé-Úsáide'). Is é an Rialachán Dé-Úsáide an phríomhreachtaíocht Eorpach a rialaíonn onnmhairiú na nithe dé-úsáide ón Aontas Eorpach. Tháinig an Rialachán seo in áit Rialachán na Comhairle (CE) 428/2009 den 5 Bealtaine 2009.

Tá liosta in Aguisín I den Rialachán Dé-Úsáide de na nithe 'dé-úsáide' atá faoi réir ag rialú agus éilíonn údarú má tá siad le honnmhairiú amach as an AE. Déantar an tAguisín a leasú gach bliain chun aird a thabhairt ar athruithe a rinne na príomhchórais iltaobhacha rialaithe

onnmhairí ar liostaí rialuithe, mar a leagtar amach in Aguisín V den tuarascáil seo. Déantar leasuithe ar Aguisín I don Rialachán Dé-Úsáide a chur i bhfeidhm trí mheán na n-achtanna tarchurtha de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Tá na mórathruithe ar an Rialachán nua leagtha amach in Alt 4.

Uasdátuithe ar an Liosta Comhchoiteann Míleata

Leagtar amach sa Liosta Comhchoiteann Míleata¹ na sainmhínte agus na sonruithe teicniúla atá ag trealamh a bhaineann le cosaint atá faoi réir ag Rialuithe Onnmhairí. Déantar an liosta a leasú agus a uasdátú ar bhonn tréimhsiúil, agus glacadh i bhFeabhra 2020 leis an leagan lena raibh feidhm le linn 2021.

Táirgí a Bhaineann le Cosaint a Aistriú laistigh den AE

Bunaítear le Treoir 2009/43/EC de Phairlimint na hEorpa agus na Comhairle tacar rialacha agus nósanna imeachta simplithe maidir le haistriú a dhéanamh laistigh den Aontas d'earraí a bhaineann le cosaint, lena chinntiú go mbeidh feidhm chóir leis an margadh inmheánach. Rinneadh leasú ar Threoir 2009/43/EC le Treoir Tarchurtha an Choimisiúin (EU) 2021/1047 den 5 Márta 2021 mar mhacalla ar na hathruithe a rinneadh in 2020 ar an Liosta Comhchoiteann Míleata. Is iad na Rialacháin Comhphobal Eorpach (Aistrithe Táirgí Cosanta Laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2021 (S.I. Uimh. 514 de 2021) thugann feidhm don Rialachán seo i ndlí na hÉireann.

Airm Thine

Bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 de Phairlimint na hEorpa agus den Chomhairle den 14 Márta 2012 (a thug feidhm d'Airteagal 10 de Phrótocal na Náisiún Aontaithe in aghaidh dhéantús neamhdhleathach agus tráchtáil na n-arm tine, a gcomhchodanna agus armlón, mar fhorlíonadh ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, agus a bhunaigh údarú onnmhairithe, agus bearta allmhairithe agus aistrithe d'airm thine, a gcomhchodanna agus armlón) rialuithe onnmhairithe i dtaca le airm thine

¹ Liosta Comhchoiteann Míleata an AE a ghlac an Chomhairle ar an 17 Feabhra 2020 (trealamh clúdaithe ag Seasamh Comhchoiteann 2008/944/CFSP ina sainmhínítear rialacha comhchoitianta a rialaíonn onnmhairí na dteicneolaíochtaí agus trealamh míleata)

saoránach a onnmhairiú don tseilg, don spórt srl do thríú tíortha. Thug na Rialacháin Aontais Eorpaigh (Prótacal Arm Tine na NA) 2020 (S.I. Uimh. 624 de 2020) feidhm don Rialachán seo i ndlí na hÉireann. Ní raibh aon uasdátú i gceist in 2021.

An Fhrithchéastóireacht

Bunaítear le Rialacháin Tarchurtha an Choimisiúin (AE) 2019/125 rialuithe onnmhairithe don trádáil earraí le tríú tíortha a bhféadfaí iad a úsáid chun críche phionós an bháis a ghearradh, céastóireacht a dhéanamh nó íde dochrach nó díobhálach eile a thabhairt do dhaoine. Baineann an Rialachán seo chomh maith le soláthar seirbhísí bróicéireachta agus cúnaimh theicniúil a bhaineann le hearraí dá leithéidí. Tá roinnt athruithe i ngeall ar Brexit déanta ag Rialachán Tarchurtha an Choimisiúin (AE) 2021/139 ar an mbun-Acht. Tugann na Rialacháin AE (Rialú ar Thrádáil Earraí a bhféadfaí a n-Úsáid don Chéastóireacht) 2021 (S.I. Uimh. 201 de 2021) lánfheidhm don Rialachán seo i ndlí na hÉireann.

Vacsáiní Covid 19

In 2021 thug an Coimisiún Eorpach isteach rialuithe sealadacha ar onnmhairiú vacsaíní COVID-19 ón Aontas. Tugadh isteach an beart seo, a bhí dírithe ar chosaint a dhéanamh ar Chomhaontuithe Réamhcheannaigh an Choimisiúin le lucht déanta na vacsaíní, i Rialachán Feidhmíthe an Choimisiúin (AE) 2021/442 den 11 Márta 2021. Is iad Rialacháin Aontais Eorpaigh (Údarú Onnmhairithe Vacsaíní COVID-19) 2021 (S.I. Uimh 49 de 2021), Rialacháin Aontais Eorpaigh (Údarú Onnmhairithe Vacsaíní COVID-19) (Uimh. 2) 2021 (S.I. Uimh 123 de 2021), Rialacháin Aontais Eorpaigh (Údarú Onnmhairithe Vacsaíní COVID-19) (Uimh. 2) (Leasú Sealadach) 2021 (S.I. Uimh 190 de 2021), Rialacháin Aontais Eorpaigh (Údarú Onnmhairithe Vacsaíní COVID-19) (Uimh. 3) (Leasú Sealadach) 2021 S.I 253 de 2021) agus Rialacháin Aontais Eorpaigh (Údarú Onnmhairithe Vacsaíní COVID-19) (Uimh. 4) (Leasú Sealadach) 2021 (S.I. Uimh. 421 de 2021) a thug feidhm do na bearta seo i ndlí na hÉireann.

Athbhreithniú ar Acht um Rialú Onnmhairithe

I mí Lúnasa 2020, fuair an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta dearbhú ón Rialtas dréacht a dhéanamh de Scéim Ghinearálta an Bhille um Rialú Onnmhairithe. Is é cuspóir an Bhille uasdátú a dhéanamh ar an Acht um Rialú Onnmhairithe 2008 agus teacht ina áit. Cinnteoidh an Bille go mbeidh creat rialaithe onnmhairithe ag Éirinn atá cuimsitheach éifeachtach. Anuas

air sin, déanfaidh sé feabhsú ar acmhainn chomhlíonta agus fhorfheidhmithe agus tabharfaidh treoir shoiléir do pháirtithe leasmhara maidir lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus iad ag onnmhairiú nithe dé-úsáide agus nithe míleata. In 2021, leanadh den obair dhréachtaithe ar an mBille um Rialú Onnmhairithe i gcomhar leis an Oifig Chomhairle Phairliminte agus Oifig an Ard-Aighne.

3. Bearta Srientacha a Ghlac an tAE in 2020

Is ionstraimí iad smachtbhannaí AE, ar a dtugtar freisin bearta srientacha AE, a úsáideann an tAE chun athrú a spreagadh ar bheartais nó ar ghníomhaíochtaí tíortha eile. Is féidir iad a úsáid i gcásanna ina sáraítear an dlí idirnáisiúnta nó cearta daonna, agus chun síocháin, daonlathas agus riail an dlí a chur chun cinn. Is minic a thugtar bearta srientacha AE isteach chun feidhm a thabhairt do shocrú de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

Tá an fhreagracht comhroinnte idir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Airgeadais maidir le ionstraimí reachtúla a dhréachtú chun foráil a dhéanamh i leith pionós sa dlí náisiúnta i gcásanna ina sáraítear bearta srientacha AE. Rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais caoga ionstraim reachtúil nua le linn 2021, sa chaoi go mbeidh lánéifeacht sa dlí in Éirinn ag Bearta Srientacha an AE atá nua agus uasdátaithe (féach Aguisín I mar a bhfuil mionsonraí iomlána na Rialachán seo).

Is í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta freisin an t-údarás inniúil náisiúnta ar a bhfuil freagracht forfheidhmiú a dhéanamh ar mhíreanna trádála Bhearta Srientacha an AE.

4. Athbhreithniú ar Bheartas Rialaithe Onnmhairí

In 2011 thug an tAontas Eorpach faoi phróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe d'earraí dé-úsáide d'fhonn na rialuithe a uasdátú agus a dhéanamh nua-aimseartha. Tar éis comhairliúchán fairsing a dhéanamh le gach Ball-Stát trí mheicníochtaí an Choimisiúin Eorpaigh, Phairlimint na hEorpa agus Chomhairle an AE, thug Comhairle na hEorpa i mBealtaine 2021 a dearbhú do théacs leasaithe an Rialacháin agus ar an 9 Meán Fómhair, tháinig an t-athleagan den Rialachán Dé-Úsáide (Rialachán Comhairle Uimh. 2021/821) i bhfeidhm. Tagann an t-athleagan seo in áit an rialacháin dé-úsáide AE a bhí ann roimhe seo, mar atá Rialachán Comhairle (EC) 428/2009.

Na Gnéithe is Tábhachtaí sa Rialacháin

Tháinig rialuithe nua isteach leis an athleagán ar nithe a bhaineann le cibear-fhaireachas, nó nithe 'atá deartha go sonrath chun faireachas rúnda a éascú ar dhaoine nadúrtha le monatóireacht, baint, bailiú nó anailísiú a dhéanamh ar shonraí ó chórais faisnéise agus

teileachumarsáide'. Áirítear leis seo meicníochtaí nua chun comhordú a dhéanamh idir rialuithe idir na ballstáit féin agus tuairisciú breise.

Ar na forálacha nua eile atá ann tá rialuithe ar sholáthar a dhéanamh ar chúnamh teicniúil a bhaineann le nithe dé-úsáide áirithe; meicníochtaí a éascaíonn comhoibriú leasaithe idir na ballstáit, lena n-áirítear ar chúrsaí forfheidhmithe; an acmhainn ag Ball-Stáit rialuithe onnmhairí a thabhairt isteach i gcás nithe nach bhfuil liostaithe ach ar dóigh leis an Stát go bhfuil gá leis na rialuithe sin ar mhaithe leis an tslándáil phoiblí; rialacha nua i dtaca le bróicéireacht earraí dé-úsáide; dhá cheann d'Údaruithe nua Onnmhairithe Aontais a chumhdaíonn onnmhairí bogearraí agus teicneolaíocht (GEA EU007) agus nithe criptithe (GEA EU008) agus 'údarú mórthionscnaimh' a thabhairt isteach.

Leagan an Rialachán d'oibleagáid ar onnmhaireoirí Clár Comhlíonta Inmheánach (ICP) a chur i bhfeidhm, chun éascaíocht a dhéanamh den chomhlíonadh i dtaca le honnmhairiú earraí rialaithe. Ar na bearta eile tá iachall taifid a choinneáil níos faide agus leasú ar shainmhíneithe. Tugann na hathruithe sin ar fad cúnaimh maidir le córas aonfhoirmeach rialaithe onnmhairí a bheith ann, a bhfuil d'aidhm aige comhoibriú níos dlúithe a chur ar siúl idir ballstáit an AE.

5. **Sonraí Ceadúnas Onnmhairí**

Ceadúnais Aonair Dé-Úsáide

Eisíodh cúig chéad tríocha (530) ceadúnas aonair dé-úsáide in 2021, líon is méadú 11% ar na 476 ceadúnas a eisíodh in 2020. Tháinig méadú 56% ar luach na n-onnmhairí a rinneadh ar cheadúnais aonair a eisíodh in 2021, i gcomparáid le 2020, ó €364 milliún go €568.9 milliún.

Bhí laghdú suntasach ar luach na gceadúnas Catagóir 1 (ábhar speisialta agus trealamh bainteach) ó €71.5m in 2020 go €3.3m in 2021 agus bhí méadú ar luach na n-earraí Catagóir 2 a onnmhairíodh, ó €0.5m in 2020 go €14.4m in 2021. Bhí méadú 37% ar luach na gceadúnas a eisíodh do nithe Catagóir 3 (Leictreonaicí) ó €95.3m go €131m agus bhí breis agus dúbailt ar luach na gceadúnas a eisíodh do Chatagóir 5 (Teileachumarsáid agus Slándáil Faisnéise) ó €193.6m in 2020 go €412.3m in 2021, agus bhí méadú dá réir ar na ceadúnais a eisíodh ó 379 go 420. Bhí na honnmhairí seasmhach faoi chatagóirí 6 agus 8 agus níor eisíodh aon cheadúnas d'onnmhairí earraí i gcatagóirí 0, 4 agus 9 in 2021.

I gcás cuid mhór táirgí TEF don ghnó, idir chrua-earraí agus bhogearraí (e.g. stóráil sonraí, gréasánú, cibearshlándáil), bíonn criptiú láidir iontu chun críche na slándála agus dá réir sin bíonn siad faoi réir Rialuithe Onnmhairí (Catagóir 5).

Ceadúnais Dhomhanda Dé-Úsáide

Údaraíonn na ceadúnais dhomhanda il-lastais réimse sonraithe earraí agus teicneolaíochta chuig tír nó tíortha ceann scríbe, agus is féidir go n-eiseodh an Roinn iad do chomhlachtaí ag a bhfuil líon an-ard onnmhairí nach rómhór an riosca a bhaineann leo. Mar sin féin, ní eisítear iad ach tar éis measúnú dian a dhéanamh ar na hearraí agus na tíortha atá i gceist agus ar stair an onnmhaireora ó thaobh an chomhlíonta de. Sonraítear ar an gceadúnas na hearraí agus na tíortha atá i gceist agus bíonn siad faoi réir ag dearbhú na Roinne.

Chomh maith leis sin, eisítear ceadúnais dhomhanda dé-úsáide onnmhairí faoi réir ag roinnt coinníollacha déine, ar nós toirmeasc ar iad a úsáid le haghaidh onnmhairiú chuig úsáideoirí deiridh míleata, póilíneachta nó slándála Stáit. Ní mór do shealbhóirí ceadúnas domhanda cur isteach ar cheadúnas aonair dé-úsáide sa chás go bhfuil rún acu onnmhairiú chuig an gcatagóir seo úsáideoirí.

Le linn 2021 tugadh isteach ceadúnas domhanda nua, a aithníonn na rioscaí breise a bhaineann le honnmhairiú chuig áiteanna a bhfuil breis leochaileachta ag baint leo. Bí 41 ceadúnas domhanda dé-úsáide in úsáid in 2021. Tháinig ann don mhéadú ar na 23 ceadúnas a eisíodh in 2020 i ngeall ar leathadh amach an dara ceadúnais dhomhanda. Ba é €1,506.7m an luach a bhí le honnmhairí na gceadúnas domhanda dé-úsáide in 2021 i gcomparáid le €1,481.6m in 2020. Ar nós mar a bhí sna blianta roimhe, ba nithe Catagóir 5 iad tromlach na n-onnmhairí a rinneadh faoi cheadúnas domhanda in 2021 (Teileachumarsáid agus Slándáil Faisnéise).

Ceadúnais Mhíleata

Déanann an tAE cothabháil ar liosta trealaimh mhíleata, ar a dtugtar Liosta Comhchoiteann Míleata an AE. Tá 22 catagóir trealaimh ar an Liosta (Féach Aguisín III). Tá ceadúnas riachtanach le haghaidh aistrithe trealaimh ar an liosta seo laistigh den AE, chomh maith le honnmhairithe chuig an tríú tír (i.e. lasmuigh den AE).

Le linn 2021, eisíodh 141 ceadúnas míleata aonair, a raibh luach iomlán €158m leo. Ba ionann seo agus méadú ar 2020 nuair a eisíodh 135 ceadúnas ar luach iomlán €96.7m.

In 2021 ba iad comhchodanna eitlíochta bunús an chatagóra ceadúnas d'onnmhairithe míleata, rud ab ionann agus chóir a bheith €95m. Eisíodh 12 cheadúnas i ndáil le honnmhairithe arm tine pearsanta le haghaidh seilge nó spóirt, rud ab ionann agus méadú ar na 6 cinn a eisíodh in 2020, agus onnmhairithe chuig an RA le haghaidh deisiúcháin a bhí i gceist lena mbunús.

Eisíodh ceadúnas domhanda míleata amháin in 2021 agus luach €8.7m leis.

Ceadúnais Bhróicéireachta

Bíonn ceadúnas bróicéireachta riachtanach sa chás go mbeidh duine nó eintiteas ag idirbheartaíocht nó ag socrú aistrithe le haghaidh earraí rialaithe a cheannach, a dhíol nó a sholáthar ón tríú tír go dtí an tríú tír eile; ón Stát go dtí an tríú tír; nó ó bhallstát eile go dtí an tríú tír.

Eisíodh ceadúnas bróicéireachta amháin in 2021.

Cosaint Sonraí

Tá de chuspóir ag an tuarascáil seo oiread trédhearcachta agus is féidir a chur ar fáil maidir le gníomhaíocht cheadúnaithe. Mar sin féin, bíonn aird ag an Roinn ar an leochaileacht thráchtála agus an rúndacht a bhaineann le faisnéis a chuireann onnmhaiseoirí ar fáil. Tá de fhreagracht ar an Roinn pearsanra agus áiseanna onnmhaiseoirí a chosaint. Dá réir sin, déantar tuairisciú ar shonraí onnmhairí ar bhealach comhiomlán.

Leagtar amach san tábla thíos achoimre ar an bhfaisnéis a bhaineann le líon agus le luach na gceadúnas a d'eisigh an Roinn le linn 2020 agus 2021. Tá tuilleadh faisnéise staitisticíúla leagtha amach in Aguisín II sa tuarascáil seo.

Sonraí Achoimre faoi Líon agus Luach na gCeadúnas a Eisíodh

Cineál Ceadúnais	Líon sa Bhliain		Luach sa Bhliain €	
	2021	2020	2021	2020
Dé-Úsáid Aonair	530	476	568.9m	364.7m
Dé-Úsáid Dhomhanda	41	23	1,506.7m	1,481.6m
Míleata Aonair	141	135	158m	96.7m
Míleata Domhanda	1	2	8.7m	11.7m
Bróicéireacht	1	1	0.1	0.1m
IOMLÁN	714	637	2,242.4m	1,954.8m

6. Iarratais Cheadúnais a Mheasúnú

Díríonn measúnú na n-iarratas ar cheadúnais ar a chinntiú, oiread agus is féidir, go n-úsáidfear an rud atá le honnmhairiú chun na críche a lua, agus nach gcuirfear i bhfeidhm ar bhealach neamhdhleathach é, e.g. bainteach le hairm léirscriosta nó chun cearta daonna a shárú. Tá bearta slándála mar chuid de chóras ceadúnaithe an AE a éascaíonn seiceálacha agus athsheiceálacha láidre ón taobh seo de.

Téann an Roinn i gcomhairle leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha maidir le gach iarratas cheadúnais ó thaobh aon údar inní ó thaobh an bheartais eachtraigh de, lena n-áirítear saincheistanna cearta daonna, a d'fhéadfadh bheith i gceist ó na haistrithe onnmhairithe atá molta. Téitear i gcomhairle chomh maith le húdarais eile cheadúnaithe onnmhairithe idirnáisiúnta, mar is iomchuí.

Déantar iarratais a atbhreithniú le hais aon Bhearta Srientacha AE, ar nós smachtbhannaí trádála nó trádhaic arm, a d'fhéadfadh bheith i gceist leis an tír ceann scríbe.

In 2021, diúltaíodh do 15 iarratas ar cheadúnas onnmhairithe, i gcomparáid le 22 diúltú in 2020. Is ar bhonn breithnithe faoin úsáid dheiridh, cearta daonna a chosaint, riosca malairt úsáide agus smachtbhannaí AE, a rinneadh na diúltaithe.

Critéir Mheasúnaithe

Leagtar amach sa Rialachán Dé-Úsáide na critéir mheasúnaithe a bhaineann le socrú a dhéanamh cé acu ceadúnas domhanda nó aonair dé-úsáide a thabhairt nó a dhiúltú. Cuireann Alt 15 de cheangal ar Bhall-Stáit aird a thabhairt ar gach breithniú ábhartha, lena n-áirítear na nithe a leanas:

- a) Oibleagáidí agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus na mBall-Stát, go háirithe na hoibleagáide agus na gealltanais ar ghlac siad féin leo mar bhaill de na córais éagsúla idirnáisiúnta maidir le neamhleathadh agus na socruithe rialáithe onnmhairithe, nó trí ráthú a dhéanamh ar chonarthaí idirnáisiúnta ábhartha;
- b) A gcuid oibleagáidí faoi smachtbhannaí atá gearrtha le cinneadh nó le seasamh comónta a ghlac an Chomhairle nó le cinneadh de chuid an OSCE nó le rún ceangailteach Chomhairle Shláidála na Náisiún Aontaithe.
- c) Saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas náisiúnta eachtrach agus slándála, lena n-áirítear iad siúd atá clúdaithe in *Seasamh Comónta na Comhairle 2008/944/CFSP den 8 Nollaig 2008 ina sainmhínítear rialacha comónta a rialaíonn onnmhairí na teicneolaíochta agus an trealamh mhíleata*.
- d) Breithnithe faoin úsáid ag ceann scríbe agus an riosca malairt athúsáide.

Leagtar amach sa Seasamh Comónta, a dtagraítear dó i bpointe (c) thuas, critéir chomónta ar chóir iarratais ar onnmhairí earraí míleata a mheasúnú lena n-ais. Seo a leanas iad:

Critéar 1: Meas ar na hoibleagáidí idirnáisiúnta agus gealltanais ag Ball-Stáit, go háirithe na smachtbhannaí a shocraigh Comhairle Shláidála na NA nó an tAontas Eorpach, comhaontuithe faoin neamhleathadh agus faoi cheisteanna eile, chomh maith le hoibleagáidí idirnáisiúnta eile.

Critéar 2: Meas ar chearta daonna na sa tír ceann scríbe, chomh maith le meas ag an tír sin ar an dlí idirnáisiúnta daonnachtach.

Critéar 3: Cás inmheánach na tíre ceann scríbe, cé acu atá teannas nó coimhlint faoi arm ann.

Critéar 4: Síocháin, slándáil agus seasmhacht réigiúnach a chaomhnú.

Critéar 5: Slándáil náisiúnta na mBall-Stát agus na gcríoch úd a bhfuil a gcaidrimh eachtracha ar fhreagracht Ball-Stáit, chomh maith le slándáil na dtíortha cairdiúla comhghuaillíocha.

Critéar 6: Iompar na tíre atá ag ceannach maidir leis an bpobal idirnáisiúnta, maidir go háirithe lena dearcadh ar an sceimhlitheoireacht, na comhghuaillíochtaí atá aici agus an meas a léiríonn sí ar an dlí idirnáisiúnta.

Critéar 7: Riosca bheith ann gur féidir malairt úsáide a bhaint as an teicneolaíocht nó an trealamh míleata laistigh den tír ceann scríbe nó a ath-onnmhairiú faoi imthosca neamh-inmhianaithe.

Critéar 8: A fheabhas a thagann onnmhairí na teicneolaíochta nó an trealamh mhíleata le hacmhainn theicniúil agus eacnamaíoch na tíre a ghlacfaidh leo, i bhfianaise a inmhianaithe atá sé go mbeidh stát ábalta riar ar a riachtanais dhleathacha slándála agus cosanta gan ach a laghad is féidir d'acmhainní daonna agus eacnamaíocha a chaitheamh ar airm.

7. For-Rochtain agus Forfheidhmiú

Dhírigh an Roinn go géar ar an gcomhlíonadh le linn 2021. Cé gur chuir na srianta i ngeall ar COVID-19 bacainn ar chlár cuairteanna na Roinne, bhí Oifig Údaraithe na Roinne ábalta 63 teagmháil fhíorúil chomhlíonta a reáchtáil le honnmhaireoirí le linn na bliana.

Is ábhartha anois ná riamh Rialuithe Onnmhairithe i dtaca le gníomhaíocht taighde san acadúlacht agus in ionaid phoiblí taighde. Le linn 2021, bhí an Roinn i dteagmháil le réimse leathan eagraíochtaí poiblí taighde agus a gcomhlachtaí ionadaíocha, chomh maith le comhlachtaí taighde poiblí. D'eagraigh an Roinn seimineár ar líne chomh maith don earnáil taighde poiblí chun na hoibleagáidí a mhíniú dóibh atá orthu faoi rialacháin na Rialuithe Onnmhairithe.

Tar éis an t-athleagan a theacht den Rialachán Dé-Úsáide AE (EU 2021/821) a tháinig i bhfeidhm ar an 9 Meán Fómhair 2021, d'eagraigh an Roinn seimineár ar líne d'onnmhaireoirí, a raibh an Coimisiún Eorpach páirteach ann, chun an reachtaíocht nua a chur i láthair agus a mhíniú agus chun pointí barrthábhachtacha a mhíniú a bhaineann léi.

Déanann an Roinn monatóireacht ar onnmhairithe earraí rialaithe i gcomhar le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar chuid den chomhoibriú seo, cuireann an Roinn sonraí faoi aistrithe onnmhairithe atá dlite tarlú chuig tíortha atá faoi réir ag smachtbhannaí trádála in iúl d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim sula dtugtar cead dul ar aghaidh. Le linn 2021 sheol Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim breis agus 160 onnmhairiú chuig an Roinn le haghaidh athbhreithnithe.

Bhí Oifigigh Údaraithe na Roinne páirteach chomh maith i gcuinnithe Eorpacha na nOifigeach Forfheidhmithe maidir le Rialuithe Onnmhairithe don 'Dé-Úsáid' agus earraí míleata. Cuireann na cruinnithe sin le cumas an AE cur in aghaidh iarrachtaí sárú a dhéanamh tríd an chomhroinnt eolais agus dea-chleachtais.

Aguisín I – Rialacháin na hÉireann i dtaca le Smachtbhannaí AE

1. Bearta Sriantacha maidir le Gníomhaíochtaí

Sárúithe Tromchúiseacha ar Chearta Daonna

- 1. S.I. Uimh. 48/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha in aghaidh Leathadh agus Úsáid Arm Ceimiceach) 2021**
- 2. S.I. Uimh. 191/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha in aghaidh Leathadh agus Úsáid Arm Ceimiceach) (Uimh. 2) 2021**

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith forfheidhmiú a dhéanamh ar bhearta sriantacha atá i Rialachán na Comhairle (EU) Uimh. 2018/1542, mar a leasaíodh, maidir le bearta sriantacha in aghaidh leathadh agus úsáid arm ceimiceach. Tá na nithe a leanas ar na héifeachtaí leis na bearta seo:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha ag roinnt daoine agus eintiteas atá liostaithe.
- Toirmeasc ar chistiú agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine agus na heintitis liostaithe.

Déantar foráil sna Rialacháin gur féidir le húdaráis inniúla an Stáit treoracha a thabhairt maidir le feidhm iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaítear chomh maith leis na Rialacháin seo cionta as sárú a dhéanamh ar Rialachán na Comhairle nó gan comhlíonadh a dhéanamh ar threoracha údarás inniúil an Stáit maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí agus tá foráil iontu i leith pionós iomchuí.

Sceimhlitheoireacht

- 1. S.I. Uimh. 91/2021 - Rialacháin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Sriantacha i leith Daoine agus Eintiteas Áirithe d'fhonn cur in aghaidh na Sceimhlitheoireachta) 2021**

2. S.I. Uimh. 394/2021 - Rialacháin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Sriantacha i leith Daoine agus Eintiteas Áirithe d'fhonn cur in aghaidh na Sceimhlitheoireachta) Uimh. 2 2021

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith forfheidhmiú a dhéanamh ar bhearta sriantacha atá i Rialachán na Comhairle (EU) Uimh. 2580/2001, mar a leasaíodh, maidir le bearta sriantacha chun cur in aghaidh sceimhlitheoireachta. Tá na nithe a leanas ar na héifeachtaí leis na bearta seo:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha ag roinnt daoine agus eintiteas atá liostaithe.
- Toirmisc ar chistiú agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine agus na heintitis liostaithe.
- Toirmeasc ar éilimh a shásamh a dhéanfaidh daoine áirithe a bhaineann le conradh nó aistriú faoi thionchar na mbeart a chuirtear i bhfeidhm leis an Rialachán.

Déantar foráil sna Rialacháin gur féidir le húdaráis inniúla an Stáit treoracha a thabhairt maidir le feidhm iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaítear chomh maith leis na Rialacháin seo cionta as sárú a dhéanamh ar Rialachán na Comhairle nó gan comhlíonadh a dhéanamh ar threoracha údarás inniúil an Stáit maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí agus tá foráil iontu i leith pionós iomchuí.

Sceimhlitheoireacht (ISIL/Da'esh & Al-Qaida)

- 1. S.I. Uimh. 205/2021 - Rialacháin an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Sriantacha ar Dhaoine agus Eintitis Áirithe atá Bainteach le hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) 2021**
- 2. S.I. Uimh. 223/2021 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha ar ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida agus daoine nadúrtha dleathacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo) 2021**
- 3. S.I. Uimh. 338/2021 - Rialacháin an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Sriantacha ar Dhaoine agus Eintitis Áirithe atá Bainteach le hEagraíochtaí ISIL (Da'esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 2)2021**

4. **S.I. Uimh. 494/2021 –Rialacháin an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Sriantacha ar Dhaoine agus Eintitis Áirithe atá Bainteach le hEagraíochtaí ISIL (Da’esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 3) 2021**
5. **S.I. Uimh. 687/2021 –Rialacháin an Achta um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 (Alt 42) (Bearta Sriantacha ar Dhaoine agus Eintitis Áirithe atá Bainteach le hEagraíochtaí ISIL (Da’esh) agus Al-Qaida) (Uimh. 4) 2021**

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith forfheidhmiú a dhéanamh ar bhearta sriantacha atá i Rialachán na Comhairle (EC) Uimh. 881/2002, mar a leasaíodh, maidir le bearta sriantacha áirithe a ghearradh ar dhaoine agus eintitis áirithe a bhaineann leis na heagraíochtaí ISIL (Da’esh) agus Al-Qaida. Tá na nithe a leanas ar na héifeachtaí leis na bearta seo:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha ag roinnt daoine agus eintiteas atá liostaithe.
- Toirmeasc ar chistiú agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine agus na heintitis liostaithe.
- Toirmeasc ar éilimh a shásamh a dhéanfaidh daoine áirithe a bhaineann le Conradh nó aistriú faoi thionchar na mbeart a chuirtear i bhfeidhm leis an Rialachán.

Déantar foráil sna Rialacháin gur féidir le húdaráis inniúla an Stáit treoracha a thabhairt maidir le feidhm iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaítear chomh maith leis na Rialacháin seo cionta as sárú a dhéanamh ar Rialachán na Comhairle nó gan comhlíonadh a dhéanamh ar threoracha údarás inniúil an Stáit maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí agus tá foráil iontu i leith pionós iomchuí.

2. Bearta Srientacha i dtaca le Tíortha

An Bhealarúis

1. S.I. Uimh. 17/2021- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srientacha i dtaca leis an Bhealarúis) 2021
2. S.I. Uimh.295/2021- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srientacha i dtaca leis an Bhealarúis) (No.2) 2021
3. S.I. Uimh.337/2021- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srientacha i dtaca leis an Bhealarúis) (No.3) 2021
4. S.I. Uimh. 647/2021- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srientacha i dtaca leis an Bhealarúis) (No.4) 2021
5. S.I. Uimh.688/2021- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Srientacha i dtaca leis an Bhealarúis) (No. 5) 2021

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith forfheidhmiú a dhéanamh ar bhearta srientacha atá i Rialachán na Comhairle (EU) Uimh. 765/2006, mar a leasaíodh, maidir le bearta srientacha i dtaca leis an Bhealarúis. Tá na nithe a leanas ar na héifeachtaí leis na bearta seo:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha ag roinnt daoine agus eintiteas atá liostaithe.
- Toirmeasc ar chistiú agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine agus na heintitis liostaithe.
- Toirmisc ar dhíol/onnmhairiú earraí a d'fhéadfaí a úsáid chun críche an chur faoi chois sa tír féin agus ar sholáthar seirbhísí a bhaineann leis an trealamh sin.

Déantar foráil sna Rialacháin gur féidir le húdaráis inniúla an Stáit treoracha a thabhairt maidir le feidhm iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaítear chomh maith leis na Rialacháin seo cionta as sárú a dhéanamh ar Rialachán na Comhairle nó gan comhlíonadh a dhéanamh ar threoracha údaráis inniúil an Stáit maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí agus tá foráil iontu i leith pionós iomchuí.

Tá trádbhac airm socraithe freisin i dtaca leis an Bhealarúis.

Poblacht na hAfraice Láir

1. S.I. Uimh. 236/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i dtaca le Poblacht na hAfraice Láir) 2021

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith forfheidhmiú a dhéanamh ar bhearta sriantacha atá i Rialachán na Comhairle (EU) Uimh. 224/2014, mar a leasaíodh, maidir le bearta sriantacha i dtaca le Poblacht na hAfraice Láir. Tá na nithe a leanas ar na héifeachtaí leis na bearta seo:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha ag roinnt daoine agus eintiteas atá liostaithe.
- Toirmeasc ar chistiú agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine agus na heintitis liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a sholáthar a bhaineann le hearraí agus teicneolaíocht míleata nó pearsanra armtha míleata faoi thuarastal.
- Toirmeasc ar éilimh a shásamh a dhéanfaidh daoine áirithe a bhaineann le conradh nó aistriú faoi thionchar na mbeart a chuirtear i bhfeidhm leis an Rialachán.

Déantar foráil sna Rialacháin gur féidir le húdaráis inniúla an Stáit treoracha a thabhairt maidir le feidhm iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaítear chomh maith leis na Rialacháin seo cionta as sárú a dhéanamh ar Rialachán na Comhairle nó gan comhlíonadh a dhéanamh ar threoracha údarás inniúil an Stáit maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí agus tá foráil iontu i leith pionós iomchuí.

Tá trádbhac airm socraithe freisin i dtaca le Poblacht na hAfraice Láir.

Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

1. S.I. Uimh. 570/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i dtaca le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) 2021

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith forfheidhmiú a dhéanamh ar bhearta sriantacha atá i Rialachán na Comhairle (EU) 2017/1509, mar a leasaíodh, maidir le bearta sriantacha i dtaca le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPRK). Tá na nithe a leanas ar na héifeachtaí leis na bearta seo:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha ag roinnt daoine agus eintiteas atá liostaithe.
- Toirmeasc ar chistiú agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine agus na heintitis liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil a bhaineann le hearraí agus teicneolaíocht míleata.
- Toirmisc ar onnmhairiú agus srianta ar allmhairiú earraí dé-úsáide agus earraí a d'fhéadfadh cur le clár núcleach nó arm DPRK.
- Toirmisc ar earraí sóchais a onnmhairiú.
- Srianta onnmhairithe agus allmhairithe a bhaineann le hór, le miotail luachmhara agus diamaint agus bróicéireacht, cúnamh teicniúil nó airgeadais a chur ar fáil a bhaineann leis na nithe sin.
- Srianta onnmhairithe a bhaineann le nótaí bainc agus boinn DPRK.
- Srianta iompair.
- Smachtbhannaí airgeadais agus infheistíochta.
- Toirmisc earnála a bhaineann le hór a sholáthar agus mianta agus mianraí áirithe.
- Toirmisc ar bhreosla eitlíochta a dhíol nó a sholáthar.
- Toirmeasc ar leacht gáis nádúrtha a dhíol le DPRK.
- Toirmeasc ar allmhairithe teicstílí ó DPRK.
- Toirmisc ar tháirgí peitriiliam scagtha agus amhola a dhíol le DPRK.
- toirmeasc ar aistrithe long go long a dhéanamh nó a éascú ó shóithigh faoi bhratach DPRK.

Déantar foráil sna Rialacháin gur féidir le húdaráis inniúla an Stáit treoracha a thabhairt maidir le feidhm iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaítear chomh maith leis na Rialacháin seo cionta as sárú a dhéanamh ar Rialachán na Comhairle nó gan comhlíonadh a dhéanamh ar threoracha údarás inniúil an Stáit maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí agus tá foráil iontu i leith pionós iomchuí.

Tá trádbhac airm socraithe freisiin i dtaca le DPRK.

Poblacht Dhaonlathach an Chongó

- 1. S.I. Uimh. 75/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó) 2021**

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith forfheidhmiú a dhéanamh ar bhearta sriantacha atá i Rialachán na Comhairle (EU) Uimh. 1183/2005, mar a leasaíodh, maidir le bearta sriantacha i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó. Tá na nithe a leanas ar na héifeachtaí leis na bearta seo:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha ag roinnt daoine agus eintiteas atá liostaithe.
- Toirmeasc ar chistiú agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine agus na heintitis liostaithe.
- Toirmisc ar ghníomhaíochtaí áirithe a chur ar fáil a bhaineann le hearraí agus teicneolaíocht míleata.
- Toirmeasc ar éilimh a shásamh a dhéanfaidh daoine áirithe a bhaineann le Conradh nó aistriú faoi thionchar na mbeart a chuirtear i bhfeidhm leis an Rialachán.

Déantar foráil sna Rialacháin gur féidir le húdaráis inniúla an Stáit treoracha a thabhairt maidir le feidhm iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaítear chomh maith leis na Rialacháin seo cionta as sárú a dhéanamh ar Rialachán na Comhairle nó gan comhlíonadh a dhéanamh ar threoracha údaráis inniúil an Stáit maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí agus tá foráil iontu i leith pionós iomchuí.

Tá trádbhac airm socraithe freisin i dtaca le Poblacht Dhaonlathach Chongó.

Guine-Bissau

1- S.I. Uimh. 571/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i dtaca le Poblacht Ghuine-Bissau) 2021

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith forfheidhmiú a dhéanamh ar bhearta sriantacha atá i Rialachán na Comhairle (EU) Uimh. 377/2012, mar a leasaíodh, maidir le bearta sriantacha ar dhaoine, eintitis agus forais áirithe ar bagairt iad do shíocháin, shlándail nó do shocracht Phoblacht Ghuine Bissau. Tá na nithe a leanas ar na héifeachtaí leis na bearta seo:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha ag roinnt daoine agus eintiteas atá liostaithe.
- Toirmeasc ar chistiú agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine agus na heintitis liostaithe.

Déantar foráil sna Rialacháin gur féidir le húdaráis inniúla an Stáit treoracha a thabhairt maidir le feidhm iomlán a thabhairt do na smachtbhannaí.

Cruthaítear chomh maith leis na Rialacháin seo cionta as sárú a dhéanamh ar Rialachán na Comhairle nó gan comhlíonadh a dhéanamh ar threoracha údarás inniúil an Stáit maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí agus tá foráil iontu i leith pionós iomchuí.

An Iaráin (Sáruithe ar Chearta Daonna)

1. S.I. Uimh. 237/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Sriantacha i dtaca le Iran) Regulations 2021

Déantar foráil sna Rialacháin seo i leith forfheidhmiú a dhéanamh ar bhearta sriantacha atá i Rialachán na Comhairle (EU) Uimh. 359/2011, mar a leasaíodh, maidir le bearta sriantacha i dtaca leis an Iaráin. Tá na nithe a leanas ar na héifeachtaí leis na bearta seo:

- Reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha ag roinnt daoine agus eintiteas atá liostaithe.
- Toirmeasc ar chistiú agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine agus na heintitis liostaithe.
- Prohibitions on Toirmisc orthu seo a leanas:
 - díol/onnmhairiú earraí a d'fhéadfaí a úsáid chun críche an chur faoi chois sa tír féin, agus trealamh liostaithe eile.
